C/2024/3365

24.5.2024

Ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2024/3365)

Tugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle dearbhú an Choimisiúin dá n-aire maidir le tuairisciú. Gan dochar do shainchumais an údaráis bhuiséadaigh faoi na Conarthaí, tá sé ar intinn ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ainmníocht na Saoráide a athbhreithniú, mar shampla maidir le leithreasuithe in aghaidh an tairbhí, chun grinnscrúdú polaitiúil agus buiséadach iomchuí a áirithiú. Iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach aird chuí a thabhairt ar an ráiteas seo, de réir mar is iomchuí, le linn Dréachtbhuiséad 2025 a ullmhú.